

MAC RÍ IN ÉIRINN

Rí a bhí in Éirinn agus ní raibh aige ach aon mhac amháin. Ní raibh tada a' guil idir é féin agus codladh na hoidhche ach faitchíos go dtarlóchadh tada don mhac. Bhí bean a raibh draoidheacht aice, inghean caillighe as na hIndiacha Thoir, bhí sí a' cur chuile fhear dá raibh a' guil chomh fada léithe, bhí sí dá gcur chun báis.

Chuala mac an Rí fúithe agus dubhairt sé leis an athair go ngabhfadh sé cho fada léithe ag iarraidh na hinghine. Ní raibh aon bhean faoin domhan ba bhreaghachta ná an inghean a bhí ag an mbean draoidheachta seo.

Dubhairt an t-athair leis nach ngabhfadh.

Dubhairt sé go ngabhfadh.

Dubhairt an t-athair nach ngabhfadh.

Dubhairt an mac mara ngabhfadh nach ndéanfadh sé tada eile. Luigh sé ar a leaba agus níor fhága sé an leaba go bhfaca sé lá agus bliain. Ní raibh tinneas ar bith air ach go raibh sé mín marbh. Nuair bhí an lá is bliain caithte tháinig bean isteach ag an Rí.

D'fiafrúigh an Rí di cé raibh a triall nó a tarraingt nó cé raibh sí a' guil.

"Bean mise atá a' saothrú mo bheathadh" adeir sí. "Is dochtúir mé" adeir sí. "Duine a ar bith a bheadh tinn bheadh fhios agam céard a bheadh a'guil dó."

"Is tú a theastuigeann uaim-se" adeir an Rí.

"Céard atá ort?" adeir sí leis an Rí. "Mac atá agam atá go dona le bliain. Is fearr duit a ghul suad go bhfeicidh tú céard atá air."

Chuaidh sé féin agus í féin suas a' breathnú ar an mac. Nuair a chonaic sí an mac, "tá fhios agam céard atá air" adeir sí.

"Céard atá air?" adeir an Rí.

"Tá air, chuir tú in aghaidh is é a dul a déanamh rud is níor mhaith leis dul thar do chomhairle, 's ní gheithfidh sé biseach go dtuga tú cead dó an rud a bhí sé a cheapadh a dhéanamh. "Tiubhraidh mise cead dó a dhéanamh anois" adeir an Rí.

D'eirigh an mac suas. Níor fhan blas air. Ní raibh uaidh ach imtheacht. Cé mhéid a thiubhras mé dhuit?" adeir an Rí. "Ní iarrfaidh mé mórán ort" adeir sí, "ach chúig píosaí óir. Ní bhfuair mé aon anró uaidh." Thug sé na cúig píosaí di.

D'imthigh an mac leis go ndeachaidh sé go dtí na hIndiacha Thoir. Bhí sé a' tabhairt cnoc de léim agus an gleann de thruslóg agus an fhairge mhóir de rithte reaite dá dtagadh sí treasna air, bhí sé chomh croidheamhail sin. Bhí sé ag imtheacht leis gur casadh fear mór dom. Ní fhaca sé fear ar bith a bhí cho mór leis. Bhí sé chomh mór le cnoc. Labhair sé leis. D'fiafrúigh sé de céard a bhí sé a dhéanamh annsin.

"Tá mé annseo a' leigint mo sgíthe" adeir an fear mór. "Ní go minic a eirighim ach i mo shuidhe annseo."

"Is fearr dhuit teacht in éinfheacht liom-sa" adeir mac Rí in Éireann.

"Cá bhfuil tú a' guil" adeir an fear mór.

"Tá mé ag guil ag iarraidh mná" adeir mac Rí in Éirinn.

"Gread leat" adeir an fear mór, "beidh mo chos ag imtheacht leat pér bith cén fhad a shiubhlas tú anocht nó i mbárach. Beidh mo chos in éinfheacht leat nó go gcastar duine eicint eile leat. Ní chorróchaidh an chois eile seo den talamh seo, beidh mé an fhad sin a' tabhairt mo choisméige.

Bhí an chos an fhir mhóir ag imtheacht le Mac Rí in Éirinn. Sí a bhí a' déanamh eolais dó. An t-am céadna lá ar na bhárach casadh fear beag dó agus a chluas leagtha ar an talamh. Bhí an fear mór le hais mac Rí in Éirinn an t-am sin.

"Cé leis a bhfuil tú ag éisteacht?" adeir an fear mór leis an bhfear beag.

"Tá mé ag éisteacht le chuile rud faoin domhan" adeir an fear beag.

"Cén t-iongantas is mó atá dá chloisteál agat?" adeir an fear mór.

"Tá mé ag éisteacht le torann an chlaidhimh atá ag an gCailleach Draoidheachta a' baint a'chloiginn de mhac rí an tír fó thuinn" ins an hIndiacha Thoir."

"Seo mac Rí in Éirinn" adeir an fear mór. "Thug sé duais dom-sa indé as ucht teacht in éinfheacht leis. Ó casadh liom tusa tiubhraidh mé liom thú" adeir sé le fear na héisteachta.

"Tiocfad" adeir an fear beag.

Shiubhaladar agus bhíodar a' siubhal go dtí an t-am céadna lá arna bhárach. Chonnaiceadar fear annsin agus bhí sé a' siubhal timcheall a' breathnú ar chuile thaobh de.

"Céard tá tú a dhéanamh" adeir an fear mór.

"Tá mé a' breathnú ar chuile rud faoin domhan" adeir sé.

"A bhfeiceann tú chuile rud faoin domhan?" adeir an fear mór.

"Feicim" adeir sé. "D'fheicfinn an rud a bheadh ar thóin na fairrge, dár fáinne é.

"Tá sé cho maith dhuit teacht in éinfheacht liom-sa mar sin" adeir an fear mór. "Tiubhraidh mé do luach saothair duit."

"Tiocfad" adeir sé.

Bhí siad ag imtheacht leob annsin go dtí an t-am céadna lá ar na bhárach agus casadh fear mór leob. Ba mhó é ná an fear mór féin agus bhí leath-lámh leis cho mór leis an gcuid eile dhe.

"Céard tá tusa i ndon a dhéanamh" adeir an fear mór leis seo.

"Tá mé i ndon" adeir sé, "an lámh seo a shíneadh agus agus rud ar bith a fheiceann mé agus a theastuigheann uaim faoi domhan a thabhairt liom."

"Teanam uait in éinfheacht liom-sa" adeir an fear mór. "Is tú a theastuigheann uaim agus íocfaidh mé do pháidhe leat nuair a bhéas mé réidh leat."

D'imthigh leob agus bhí siad a' siubhal go dtí an t-am céadna lá ar na bhárrach. Nuair a bhí leath an lae caithte casadh fear mór leob a bhí cho mór le cnoc agus é ina shuidhe síos agus é a' creathadh.

"Cén chiall an fuacht sin ort?" adeir an chéad fhear mór leis.

"Sé an chaoi atá liom" adeir sé, "an lá is teocha sa mbliain tá mé cho fuar leis an lá is fuaire sa mbliain. Chinn sé orm mé féin a théidheadh ariamh."

"Tá muid a' guil ag iarraidh mná" adeir an chéad fhear mór leis.

"Tá sé chomh maith duit teacht in éinfheacht linn. Tiubhraidh muid do pháidhe dhuit. B'fhéidir go mbeadh gnaithe eicint againn díot."

"Tiocfad" go raibh maith agat" adeir an fear fuar. "Is maith liom a iarraidh orm."

D'imthigh leob. Bhí siad a' siubhal arís go dtí an lá ar na bhárrach agus casadh tobar leob a raibh íochtar fola air agus uachtar meala. Tharraing an chéad fhear mór mála aráin. Leag sé acab é agus thosuigh chuile fhear acab a' tomadh a phíos a féin sa mil agus dhá ithe, mac an Rí cho maith le fear ar bith eile acab. Ní fada a bhí siad ag ithe nuair a tháinig coileáinín gearr glas go dtí iad.

"An cuailín nó cnáimhín dom féin nó do mo chuid coileán sibh?" adeir an coileáinín.

"Seadh" adeir an chéad fhear mór, "tar i leith annseo agus ith do dhóthain de."

Tháinig an coileáinín anall agus bhí siad a' biadhadh uirthé go raibh sí sáthach. Nuair a bhí sí sáthach annsin dubhairt an chéad fhear mór léithe go raibh siad a' guil ag iarraidh mná agus adeir sé, "ní dhéanfuid gnaithe ar bith de t'uireasbha. Tá sé cho maith duit teacht in éinfheacht linn."

"Ó maise tiocfaidh mise in éinfheacht libh" adeir sí.

D'imthigh leob annsin. Nuair a tháinig siad ag cúirt na mná seo a raibh an inghean álainn aice dubhairt an chéad fhear mór le mac an Rí a dhul isteach, "agus" adeir sé, "feicfidh tú an bhfuighfidh tú í."

Chuaidh mac an Rí isteach agus nuair a chuaidh sé isteach chuir an bhean céad míle fáilte roimh mac Rí in Éirinn. "Is fada" adeir sí "go dtáinig tú."

Leagadh anuas chuile rud dá fheabhas aige. Cuireadh iallach air beatha a ithe.

"Creidim" adeir sí, nuair a bhí an beatha ithte aige "gur ag iarraidh mná a tháinig tú."

"Seadh" adeir sé.

"Tiubhraidh mise duit í" adeir an bhean. Spáineadh dó an inghean. Ní fhéadfadh sé bean ar bith níos breaghachta ná í a fheiceál, "ach" adeir sí, "caithfidh tú chuile rud a déarfais mise

leat a dhéanamh agus mara ndéanaidh bainfear an cloigeann díot agus ní mise a bhainfeas díot é.”

“Sé an chéad rud atá mé a iarraidh ort, caithfidh tú an fáinne óir atá ar thóin na fairrge deirge a thabhairt chugam agus mara mbeidh sé sin agat le tabhairt maidin i mbárach beidh do chloigeann le cailleadh agat air.”

Chuaidh sé amach ag an muinntir a bhí amuich aige.

“Céard tá le déanamh agat” adeir an chéad fhear mór leis.

“Caithfidh mé” adeir mac an Rí, an fáinne óir ar thóin na fairrge deirge a thabhairt chuite.”

“Breathnuigh” adeir an chéad fhear mór leis an bhfear a raibh an t-amharc aige “cá bhfuil sé. Beidh tú ag innseacht dom-sa cá bhfuil sé agus sínfidh mise mo chos go dtiubhraidh mé liom é i ladhair m’ordóige.”

Bhreathnuigh an fear a raibh an t-amharc aige agus spáin sé don fhear eile cé raibh an fáinne. Shín an fear eile a chos agus thug sé leis an fáinne óir í ladhar a choise. Thug sé do mhac an Rí an fáinne le bheith aige ar maidin le tabhairt don bhean.

Nuair a chuaidh mac an Rí isteach ar maidin thug sé an fáinne di.

“Is ait a’ fear thú” ar sise. “Sin é an rud a chinn ar chaon fhear eile acab a dhéanamh.”

“Tá rud eile le déanamh agat nach mór duit a bheith déanta agat ar maidin i mbárach. Tá seacht sgór damh agam-sa i bpáirc agus mara mbeidh siad sin ithte agat nuair a ghabhfas mise a’ breathnú orthab i mbárach tá an cloigeann le cailleadh agat.”

Ghabh sé amach agus d’innis sé don fhear mór é.

“Ná bac leis sin” adeir an fear mór. “Íosfaidh mise na daimh sin” agus ní call duit-se dul chun na páirce chor ar bith” adeir sé. “Nuair a ghabhfas sí chun páirce i mbárach ní bheidh aon cheann ann.”

Nuair a ghabh sí chun na páirce lá ar na bhárach agus nuair a ghabh sé isteach aice, “is ait an fear thú” adeir sí, “tá na daimh féin ithte agat.”

“Tá” adeir sé.

“Tá leath-chéad baraille i siléar agamsa. Tá siad lán de leann agus mara bheidh siad ólta agat-sa i mbárach bainfear an ceann díot.”

Chuaidh sé amach agus d’innis sé don fhear mór é.

“Ólfar iad” adeir an fear mór. “Nuair a thioctas sí cho fada leis an siléar beidh na baraillí leanna ólta. Féadfaidh tusa a rádh gur tú féin a d’ól iad.”

Nuair a chuaidh sí cho fada leis an siléar lá’r na bhárach tháinig mac an Rí a’ breathnú uirthé. “Is ait an fear thú” adeir sí, tá na baraillí ólta agat.”

“Tá” adeir sé.

Beidh teine faduighthe agam-sa maidin i mbárach. Beidh sí chomh mór le stumpa de chroc agus beidh lasrach aiste. Mara gcuiridh tú as í le suidhe síos uirthé níl aon mhaith i do chúrsa.”

Nuair a tháinig sé chomh fada leis an bhfear mór d’innis sé dhó é.

“Is fada fuar thú” adeir an fea mór leis an bhfear fuar, “ach anois téidhfear thú.”

Maidin lá ar na bhárach chuadar cho fada leis an teine, bhí sí lasta. Shuidh an fear fuar uirthé agus ní raibh fhios go raibh teine ariamh ann nuair a d’eirigh sé.

Nuair a ghabh an bhean ar thóruidheacht na teine ní raibh fhios aice ar faduigheadh teine ariamh ann nó aithne ar bith air.

“Chuir tú as an teine” adeir sí le mac an Rí.

“Chuireas” adeir sé.

“Cuirfidh mé an inghean a chodladh leat-sa anocht agus mara mbeidh sí agat nuair a ghabhfas mise cho fada leat i mbárach bainfear an cloigeann díot.”

“Tiubhraidh sí an inghean uait” adeir an fear mór leis an mac rí, “má thuiteann codladh ort. Ná tuiteadh codladh ort gan a thigheacht cho fada liom-sa nó tá tú sguabhtha.”

An oidhche sin chuir sí an inghean a chodladh. Ar an bpointe is chuir sí an inghean sa leabaidh thuit sé ina chodladh agus dhúisigh sé tuairim uair roimh an lá agus ní raibh aon duine sa leabaidh leis. Chuaidh sé ag an bhfear mór.

“Tá an inghean imthighthe uaim” adeir sé leis an bhfear mór.

“Tá” adeir an fear mór. Dubhairt an fear mór annsin le Cluas le hÉisteacht a chluas a chur le talamh go gcluineadh sé cé raibh sí.

Chuir Cluas le hÉisteacht a chluas le talamh. “Tá sí ar an gcarraig is faide siar in Éirinn” adeir sé, “cluimim í ag tarraingt a hanála.”

“Breathnuigh” adeir an fear mór le fear na súileach “go bhfeicidh tú cá bhfuil sí.”

Bhreathnuigh fear na súile. “Tá sí ar mhullach na carraige is fuide siar in Éirinn” adeir sé.

“Sín tusa do láimh” adeir an fear mór le fear na láimhe, agus déan do gnaithe cho luath agus fhéadfas tú.”

“Is gearr go mbeidh sí annseo agat” adeir an fear mór le mac an Rí. Tugadh ar ais í chomh luath is a tugadh as í.

Cuireadh in éinfheacht leis an mac rí aríst í agus ní raibh ann ach go raibh ann ach go raibh siad sa leabaidh nuair a tháinig an mháthair.

“Tá sí agat” adeir an mháthair.

“Tá” adeir mac an Rí, nár thug tú dhom í.”

“Tá tú ceart anois” adeir sí. “Tá cúirt annsin thoir againne. Is ann atá a culaidh pósta seo.

Nuair a thiubhras tú anois a a culaidh pósta annseo beidh sí a guil a’ pósadh. Is ag an sagart a ghabhfas sibh.”

Chuaidh sé chomh fada leis an bhfear mór agus d'innis sé dó.

"Sin é an áit a mharbhóchas tú" adeir an fear mór leis. "Ní leigfidh mise isteach annsin thú."

Ghlaoigh sé ar an gcoileáinín gearr glas agus thug sé soir ag an gcúirt í. Chuir sé iallach uirthé rith isteach an doras. Nuair a bhí an coileáinín a' guil isteach an doras thuit an tsleagh ach ní dhearna sé aon mharbhú. Nuair a thuitfeadh sí gan aon mharbhú a dhéanamh bhí an fear a bhí ina bun ina glae glas. Sin í a bhí a' marbhú na bhfear. Nuair a bhí an coileáinín istigh gan a mharbhadh bhí an fear istigh ina ghlae ghlas. Ní raibh aon dochar ann níos mó.

Badh é athair na mná a raibh an inghean aice an fear mór. Badh é. Badh é mac rí na Spáinne athair na hinghine. Bhí sé pósta leis an máthair. Ní raibh sé pósta ach bliain léithe nuair a chuir sí isteach sa gcúirt seo é agus bhain an tsleagh an cloigeann de. An fear a bhí i mbun na sleagha ba mhac dreathára don mháthair é ón Éigipt.

Ní raibh culaidh éadaigh ar bith sa gcúirt thoir. Dubhairt an fear mór leis an mac rí a dhul cho fada leis an máthair aríst. "Tiubhraidh mise slaitín draoidheachta duit" adeir sé. "Nuair a ghabhfas tú isteach aice fiafróchaidh sí díot an bhfuil an chulaidh agat.

Déarfaidh tusa nach bhfuil, agus beidh sí a' tigheacht cho fada leat ach buailfidh tusa leia na tslaitín draoidheachta í shul má fhéadann sise tusa a bhualadh. Déanfaidh tú liagan ceann-trom cloiche di. Fanfaidh sí mar seo go ceann seacht mblian agus ní bheidh aon draoidheacht aice nuair a eireochas sí."

Ghaibh sé isteach annsin agus thug sé an slaitín draoidheachta leis.

"An bhfuil an chulaidh agat?" adeir sí.

"Níl" adeir sé.

Bhí sí a' tigheacht cho fada leis agus bhuaile sé leis an tslaitín draoidheachta í agus rinne sé liagán ceann-trom cloiche dhi.

Bhí an inghean a' breathnú uirthé. "Is beag a' sgéal é a chailleach ghránna" adeir sí.

"Is iomdha mac rí breagh curtha de dhíth aice. Is olc an chaoi dhuit-se, rí breagh mar thú" adeir sí le mac an Rí, a' gul a' pósadh inghean na caillighe draoidheachta."

"Agus nach inghean rí tú féin?" adeir sé.

"Níl dochar ar bith annsin" adeir sí, "marach a liachta gaisgidheach atá curtha de dhíth aice-se."

Tháinig an fear mór annsin chomh fada leob gur phósadar. Dubhairt sí leis an mac nach bhféadfadh sé a ghul abhaile go ceann seacht mblian go dtógadh sé máthair a mhná aríst.

D'fhan sé féin agus a bhean sa gcúirt annsin go ceann seacht mblian. Nuair a bhí na seacht mbliain caithte bhí ceathrar cloinne acab, triúr mac agus inghean. Móirnín Rí in Éirinn a bhí ar an inghean. Badh í ba sine. Geal-mhac Rí in Éirinn, Donn-mhac Rí in Éirinn agus Caol Glas mac Rí in Éirinn. Sin é an t-ainm a bhaist an t-athair mór orthab.

Thog sé an mháthair annsin. Bhí an nimh imighthe aiste. Tháinig sé féin, a bhean 's a chlann go hÉirinn agus chomhnuigheadar ann.

